**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VN

*Cosantóir:* Stát na Beilge

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 56 CFAE agus Airteagal 36 de Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch an 2 Bealtaine 1992 a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear scéim díolúine ó cháin, cé go bhfuil sé infheidhme gan idirdhealú maidir le luach saothair i leith taiscí coigiltis arna sealbhú le hinstitiúidí creidmheasa náisiúnta agus eachtracha, lena ndéantar díolúine a thabhairt d'ioncam ó thaiscí coigiltis arna sealbhú le hinstitiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit eile den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha nach mór a bheith comhchosúil leo siúd a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta sin, ar coinníollacha iad a bhaineann go sonrach leis an margadh náisiúnta de facto.

[1] IO C 213, 30.5.2022

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 6 Meitheamh 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Okresný súd Prešov – an tSlóvaic) – Rozhlas a televízia Slovenska v CI**

**(Cás C-669/22,** [1] **Rozhlas a televízia Slovenska)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Treoir Uimh. 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Raon feidhme – Ráiteas ar na cúiseanna go bhfuil gá le léiriú ón gCúirt Bhreithiúnais ar fhorálacha áirithe de dhlí an Aontais agus ar an gceangal idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme – Soiléiriú easnamhach – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2023/C 271/15)

*Teanga an cháis: an tSlóvaicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Okresný súd Prešov

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Rozhlas a televízia Slovenska

*Cosantóir:* CI

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú arna déanamh ag Okresný súd Prešov (Cúirt Dúiche Prešov, an tSlóvaic), trí chinneadh an 8 Meán Fómhair 2022, do-ghlactha go follasach.

[1] Dáta taiscthe: 24.10.2022.

---

**Achomharc arna thabhairt an 13 Eanáir 2023 ag Autoramiksas UAB i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a fógraíodh an 10 Samhain 2022 i gCás T-374/22, Autoramiksas v an Coimisiún**

**(Cás C-12/23 P)**

(2023/C 271/16)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Autoramiksas UAB (ionadaí: G. Valantiejus, advokatas)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach